BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW EDUCATION AND TRAINING BOARD

GAELCHOLÁISTE MHAIGH NUAD

*Manor Mills,* Maigh Nuad, Co. Chill Dara. *W23V9P2*
Príomhoide: Mícheál Ó Ceoinín.
Príomhoide Tánaisteach: Séamus De Búrca.

# BEARTAS UM DHÁILEADH LEIGHIS

**Réamhrá**

Cé go bhfuil dualgas ar an mBord sláinte agus sábháilteacht a dhaltaí a choimirciú agus iad i mbun ghíomhiochtai údaraithe na scoile, ní intuigthe go bhfuil dualgas pearsanta ar fhoireann mhúinteoireachta ná ar fhoireann riaracháin na scoile tabhairt faoi dháileadh leighis

Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí cinntiú go gcuirtear baill foirne ar an eolas i scríbhinn maidir le haon riocht sláinte atá ar a bpáiste. Ní mór an t-eolas seo a thabhairt nuair a chláraítear an páiste nó má thagann an riocht sláinte ar an bpáiste ag dáta níos deireanaí.

Is é atá i gceist maidir leis an mbeartas seo ná leighis, taibléid, spréanna a dháiltear tríd an bhéal iad agus fearais insteallta uathoibríocha (m.sh. anapen) a n-úsáidtear iad i gcásanna anaifiolacsais.

**Corp an bheartais**

**1. Nós arna leantar ag tuismitheoirí / caomhnóirí atá ag iarraidh go ndáilfear leigheas ar a bpáistí,**

- Ba chóir don tuismitheoir/chaomhnóir iarratas a dhéanamh i scríbhinn don Bhord, ball foirne a údarú chun an leigheas a dháileadh nó chun monatóireacht a dhéanamh ar fhéindáileadh an leighis.
- Ní mór do thuismitheoirí na treoracha ón dochtúir / ón gcomhlaireach atá le leanúint a sholáthar i scríbhinn maidir le dáileadh agus le stóráil an leighis.
- Is iad na tuismitheoirí atá freagrach as cinntiú go seachadtar an leigheas chun na scoile agus go dtugtar do dhuine fásta freagrach é agus as cinntiú go bhfuil dóthain den leigheas ar fáil agus i ndáta.
- Thairis sin ní mór do thuismitheoirí slánaíocht a thabhairt don bhord agus do bhaill foirne údaraithe maidir le haon dlitheanas a d'fhéadfadh eascairt maidir le dáileadh leigheas ar oideas sa scoil. Cuirfidh an Bord a árachóirí ar an eolas dá réir.
- Ní mór an scoil a chur ar an eolas láithreach i dtaobh athruithe ar leigheas ar oideas (nó ar dháileogacht) i dteannta le treoracha soiléire ar an nós a leantar maidir le stóráil agus le dáileadh an leighis nua.
- Ní mór do thuismitheoirí fearas leighis éigeandála ar a bhfuil lipéad le hainm an dalta a chur ar fáil don scoil, ina bhfuil dhá uath-insteallaire sa chás Anaifiolacsais agus an Plean Éigeandála, uimhreacha teagmhála ina measc. D'fhéadfadh rud eile ar nós frith-hiostaimín, análóirí asma agus leigheasanna eile mar a tugadh ar oideas a bheith san fhearas freisin.
- Ní mór do scoláirí soláthar éigeandála dá gcógas a bheith ina seilbh acu i gcónaí (sa mhála scoile/seaicéad scoile srl.) agus iad ag tabhairt faoi nó ag freastal ar gníomhaíochtaí scoile lena n-áirítear taisteal scoile, turais scoile srl.
- Ní mór do thuismitheoirí an leigheas a thabhairt abhaile ón scoil ar an lá deireanach de gach téarma agus é a chur ar ais chuig an scoil ar an gcéad lá den téarma nua
- I gcás go bhfuil riocht atá bagrach don bheatha ar pháistí. Ní mór do thuismitheoirí cad is ceart a dhéanamh agus cad nach céart a dhéanamh i gcás práinne áirithe a leagan amach go soiléir i

scríbhinn agus béim airithe curtha ar cad é a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don pháiste
- Ní mór do thuismitheoirí uimhir gutháin a sholáthar ionas gur féidir dul i dteagmháil leo i gcás éigeandála.

**2. Nósanna arna leantar ag an mBord Bainistíochta.**

- Féadfaidh an Bord, i ndiaidh dó an t-ábhar a bhreithniú, ball foirne a údáru chun leigheas a dháileadh ar dhalta nó chun monatóireacht a dhéanamh ar fhéindáileadh an leighis ag dalta.
- Cinnteoidh an Bord go ndéanfar an duine údaraithe a chur faoi oiliúint chuí maidir le conas an leigheas a dháileadh.
- Lorgóidh an Bord slánaíocht ó na tuismitheoirí i dtaobh aon dlitheanas a d'fhéadfadh eascairt ó dháileadh an leighis.
- Cuirfidh an scoil a h-árachóiri ar an eolas dá réir.
- Déanfaidh an bord socruithe cuí chun an leigheas a stóráil go sábháilte agus cuirfear socruithe ar bun sa chás nach mbeidh an ball foirne údaraithe i láthair.

**3. Cúraimí na mBall Foirne.**

- Ní fhéadfar iachall a chur ar bhall foirne leigheas a dháileadh ar dhalta
- Má bhíonn ball foirne toilteanach leighis a dháileadh níor cheart tabhairt faoi sin ach de réir treoracha dochta daingne á chreidiúint go bhfuil an dáileadh sábháilte.
- Ní mór treoracha scríofa ar dháileadh an leighis a sholáthar.
- Ná dáiltear aon leigheas gan údarás sainithe an Bhoird Bhainistíochta.
- Agus leigheas a dháileadh ar dhaltaí, léireoidh baill foirne an chaighdeán cúraim céanna is a léireodh tuismitheoir réasúnta agus stuama.
- Coinneofar taifead ar dháta agus ar am an dáilte.
- I gcásanna éigeandála, níor cheart do bhaill foirne ach an méid atá riachtanach agus iomchuí go soiléir a dhéanamh chun faoiseamh a thabhairt ar fhíoranacair nó chun tuilleadh díobhála agus seachas sin díobháil doleigheasta a chosc. Ní mór cóir leighis ghairmiúil a aimsiú don dalta a luaithe is féidir i gcásanna éigeandála.
- Ní mór dul i dteagmháil le tuismitheoirí má bhíonn aon cheisteanna nó i gcás éigeandála.

Síniú: Síobhán Grehan

Dáta: 19/11/2025.

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Síniú: Micheál Ó Cróinín

Dáta: 19/11/'25

Rúnaí an Bhoird & Príomhoide na Scoile

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúcháin.

**SLÁNAÍOCHT AR DHÁILEADH LEIGHIS I SCOILEANNA**

An slánaíocht seo arna ndéanamh an ...................lá de mhí.......................20........... idir

...........................................................................................................................................

Tuismitheoir(í) nó Caomhnóir(í) dleathacha.................................. ........................................................................,
dá ngairtear 'na tuismitheoirí' anseo feasta

de pháirt agus.........................................................................
do Bhord Bainistíochta **Ghaelcholáiste Mhaigh Nuad** agus thar ceann Bhoird Bhainistíochta Ghaelcholáiste Mhaigh Nuad, atá suite i Maigh Nuad, i gContae Chill Dara (dá ngairtear 'An Bord' anseo feasta) den pháirt eile.

DE BHRÍ:

1. Gurb iad na tuismitheoirí ná athair agus máthair nó caomhnóirí

............................................................................................ faoi seach, dalta na scoile thuasluaite

2. Tá riocht sláinte ar a dtugtar.......................................................................................ar an dalta ar bhonn leanúnach

3. D'fhéadfadh go mbeadh dáileadh an leighis *viz* ........................................................... de dhíth ar an dalta, i gcásanna práinne agus é/í ag freastal ar an scoil sin.

4. Tá sé comhaontaithe go bhféadfadh múinteoir ranga an dalta sin agus/nó aon bhall foirne den scoil sin a fhéadfaidh an Bord a ainmniú ó am go ham, an leigheas sin a dháileadh i gcásanna éigeandála.

ANOIS COMHAONTAÍTEAR LEIS SEO ag agus idir na páirtithe leis seo mar a leanas:

I gcomaoin go dtéann an Bord faoin gcomhaontas laistigh, COMHAONTAÍONN na tuismitheoirí, mar athair agus mar mháthair an dalta sin faoi seach LEIS SEO, an Bord, a sheirbhísigh agus a ghníomhairí a shlánú agus a choimeád faoi shlánaíocht gan dochar do ghinearáltacht, múinteoirí, bainistíocht na scoile agus aon bhaill foirne eile lena mbaineanna an dalta, ó agus i gcoinne gach éileamh, lena n-aithnítear éilimh atá ann agus a bheidh ann, a n-eascróidh ó dháileadh an leighis sin nó ó mhainneachtain an leigheas sin a dháileadh.

DÁ FHIANÚ sin chuir na páirtithe leis seo a lámh agus ghreamaigh a séal an lá agus an bhliain is tuisce atá scríofa anseo istigh.

SÍNITHE AGUS SÉALAITHE ag na tuismitheoirí i láthair:

SÍNITHE AGUS SÉALAITHE ag údarás na scoile sin i láthair: